



Siomptóim

- › Casacht
- › Fiabhras
- › Sraothartach
- › An tsrón a bheith ag síleadh
- › Cársán

Cosc:



> Vacsaíniú/ imdhíonadh

- › Nigh lámha go minic
- › Clúdaigh do shrón agus do bhéal nuair a bhíonn tú ag sraothartach
- › Seachain teagmháil le daoine breoite
- › Fan sa bhaile má tá tú breoite

Ná fan! Labhair le do
dhochtúir chun comhairle
a fháil maidir le vacsaíniú.



Scan an cód QR chun tuilleadh
eolais a fháil ar **Thairseach**
Faisnéise an Aontais um Vacsaíniú


vaccination-info.europa.eu/en



Cosain tú féin agus do dhaoine muinteartha ar RSV



TAIRSEACH FAISNÉISE
EORPACH MAIDIR
LE VACSAÍNIÚ
Tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh



Is víreas an-tógálach é **RSV** (víreas sincítiach riospráide). Scaipeann sé go héasca tríd an aer agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le haimhréidheanna tromchúiseacha amhail niúmóine, broincíníteas agus seipsis (ionfhabhtú shruth na fola a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le siomptóim éagsúla lena n-áirítear titim i mbrú fola).

Cé hiad na daoine is mó atá i mbaol?

- › Leanaí faoi bhun 6 mhí d'aois
- › Leanaí a rugadh roimh am
- › Daoine atá os cionn 65 bliain d'aois agus daoine a bhfuil córais imdhíonachta lagaithe acu nó riochtaí atá ann cheana amhail diaibéiteas, galar croí agus galar scamhóige



Cén fáth a ndéantar vacsaíniú?

Is féidir le vacsaíniú tú féin agus daoine eile a chosaint ar ghalar tromchúiseach RSV agus ar na haimhréidheanna a ghabhann leis.

Is féidir le mná torracha vacsaíniú a fháil agus an chosaint sin a thabhairt dá naíonán nuabheirthe – agus é nó í a chosaint ag am ríthábhachtach.

